Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## Oideachas Reiligiúnach

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**
Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.
Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**
Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Réamhrá Ginearálta**
Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Ardleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.
Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith. In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh. Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharcála seo iomlán ná uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais. Níl na tuairiscí ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach.

| AONAD A hAON |
|---|

**NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ CEANN AMHÁIN AS AN DÁ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT**

**ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA**

**Ceist 1.** **Freagair a) agus b).**

**A 1 a i) Ainmnigh duine tábhachtach sa traidisiún daonnachach agus déan cur síos ar an gcur chuige a ghlac sé/sí maidir le cuardach an duine ar bhrí na beatha. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chruinneshamhail trí dhuine tábhachtach amháin sa traidisiún daonnachach a ainmniú agus trí chur síos a dhéanamh ar an gcur chuige a ghlac sé/sí maidir le cuardach an duine ar bhrí na beatha.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- e.g. Sartre — deifnídíonn agus cruthaímid muid féin leis na roghanna a dhéanaimid; nuair a chuirtear domhan áiféiseach os a gcomhair ní mór do dhaoine a mbrí féin a bhaint as an mbeatha, etc.
- e.g. Marx — trí úsáid a bhaint as réasún bhí saoirse ag an duine brí a aimsiú; baineann daoine sonas amach nuair a roinntear acmhainní na sochaí go cothrom i measc gach duine, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**A 1 a ii) Tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfaí breathnú ar chuardach an duine ar bhrí na beatha i ndéantán naofa a bhaineann le seanchultúr a ndearna tú staidéar air. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chuardach bhrí na beatha i sochaí ársa trí eolas cruinn a leagan amach ar an gcaoi a bhféadfaí féachaint ar an gcuardach do bhrí na beatha sa tslí ar leagadh déantán, a chruthaigh daoine i seanchultúr, i leataobh i gcomhair úsáid reiligiúnach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- e.g. d'fhéadfadh déantáin Cheilteacha atá maisithe le héin a bheith bainteach leis an gcreideamh go raibh éin ina dteachtairí spioradálta a thug cumarsáid ón saol eile leo etc.
- e.g. Brú na Bóinne, Co. na Mí a thabharfadh le fios gur creideadh i dtimthriall na beatha, an bháis agus na hathbhreithe; an dumha adhlactha a ailíniú leis an ngrian ag grianstad an gheimhridh, b'fhéidir go raibh daoine ag lorg an dóchais nach mbeadh an gcloífeadh an dorchadas agus an bás an ghrian, etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird:* Má leagann iarrthóir eolas cruinn síos faoin mbealach ar féidir féachaint ar an gcuardach do bhrí na beatha leis an mbealach ar leagadh déantán, a rinne daoine nach raibh aon cheangal acu le seanchultúr, i leataobh le haghaidh úsáid reiligiúnach – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**A 1 b) Déan cur síos ar dhá shampla ina léirítear an tuiscint ar an bhfoilsiú diaga i mór-reiligiúin dhomhanda éagsúla sa chaoi ina gcaitheann na creidmhigh lena dtéacsanna diaga. 40M** (20Mx2)

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcoincheap foilsiú diaga, trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear toil Dé/déithe/an diagaire in iúl i dtéacsanna diaga agus a bhíonn le feiceáil sa chaoi a láimhseálann creidmhigh iad in dhá mhór-reiligiún dhomhanda.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Aithnítear sa Chríostaíocht e.g. na Soiscéil an ról a bhí ag saol, bás agus aiséirí Íosa i bhfoilsiú diaga; i Liotúirge an Bhriathair caitear leis an téacs mar bhriathar Dé, etc.
- Ioslamach e.g. foilsiú Allah do Mahamad — an Córán, etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**Ceist 2.** **Freagair a) agus b).**

**A 2 a)** ***Cuireann daoine a gcuid tuairimí faoi Dhia in iúl ar bhealaí éagsúla:***
**● AN EALAÍN ● AN SCANNÁNAÍOCHT ● AN CEOL**
**Déan comparáid idir an tuiscint ar Dhia mar a chuirtear in iúl in íomhá nua-aimseartha í as ceann amháin díobh seo thuas agus an tuiscint ar Dhia atá le fáil in íomhá sheanbhunaithe as mór-reiligiún domhanda. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar íomhánna de Dhia trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcosúlacht agus/nó an difríocht idir na smaointe faoi Dhia a léirítear in íomhá chomhaimseartha ón Ealaín nó ón Scannánaíocht nó ón gCeol agus an tuiscint ar Dhia a aimsítear in íomhá sheanbhunaithe as mór-reiligiún amháin domhanda.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Ealaín e.g. 'Jesus of the people' le Janice McKenzie — íomhá de Dhia mar bhean Afracach Meiriceánach atá cosúil le tuiscint bhíobalta na nGiúdach ar Dhia mar dhuine máthartha a léirítear in íomhá de Dhia mar mháthair a thugann compord dá clann (Íseáia) etc.
- Scannánaíocht e.g. 'Bruce Almighty' — íomhá de Dhia mar ní uilechumhachtach, uilefheasach agus a bhfuil cumhachtaí draíochta bronnta air, rud atá cosúil leis an íomhá thraidisiúnta de Dhia mar an neach is airde/cruthaitheoir a fhaightear i gcuntais ó leabhar Gheineasas, etc.
- Ceol e.g. amhrán Kanye West 'Jesus Walks' — íomhá de Dhia mar dhuine a thugann aire do gach duine agus é cosúil leis an íomhá de Dhia ó chuntais an tSoiscéil mar dhuine cineálta a thug aire do dhaoine a bhí ar an imeall agus faoi chois sa tsochaí etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**A 2 b)** ◆**AN BÚDACHAS** ◆**AN CHRÍOSTAÍOCHT** ◆**AN HIONDÚCHAS** ◆**AN tIOSLAMACHAS** ◆**AN GIÚDACHAS**

**Déan próifíliú ar an gceangal idir an tuiscint ar an tarchéimnitheach/Dia agus an tuiscint ar an duine daonna i dteagasc dhá cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas. 40M** (20Mx2)

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar na luachanna reiligiúnacha atá ag mór-reiligiúin dhomhanda tríd an gcaidreamh idir an tuiscint ar an tarchéimnitheach/Dia agus an tuiscint ar an duine daonna a fhaightear i dteagasc dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist a rianú go cruinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- AN BÚDACHAS e.g. an tarchéimnitheach — foinse/gné domhínithe, nach bhfuil pearsanta, absalóideach; an duine — a fhulaingíonn agus a bhíonn i bpian mar gheall ar shaint an duine, ach a bhfuil sé de chumas aige léargas a fháil agus Nirbheána a shroicheadh; éiríonn leis an duine féin é seo a dhéanamh ach gach cineál mian atá aige a chur faoi chois etc.
- AN CHRÍOSTAÍOCHT e.g Dia — cruthaitheoir na cruinne; imeanacht agus tarchéimnitheacht Dé atá snoite in Íosa Críost an duine ar léirigh a shaol, a bhás agus a aiséirí grá gan choinníoll Dé don duine; is é an duine — ardphointe na cruthaitheachta, a cruthaíodh in íomhá agus i ndealramh Dé etc.
- AN HIONDÚCHAS e.g. Bráman — cruthaitheoir cumhachtach an domhain atá le sonrú ar fud na cruthaitheachta go léir; an duine — sprioc na beatha atá le saoirsiú ón rud saolta agus sealadach d'fhonn aontas a bhaint amach le Bráman trí eolas, gníomh, grá agus trí dhualgais agus freagrachtaí a chomhlíonadh; má leantar dlíthe Dharma beidh an athbhreith ar timthriall samsara níos éasca agus gabhfar níos gaire do Moksha etc.
- AN tIOSLAMACHAS e.g. Allah — neach amháin, uile-chumhachtach agus trócaireach ina gcuimsítear an chruthaitheacht ar fad agus a léirigh a thoil tríd an bhfáidh Mahamad agus an Córán; an duine — a chruthaigh Dia agus a bhfuil sé de dhualgas air a shaol a chaitheamh de réir na gCúig Cholún etc.
- AN GIÚDACHAS e.g. Dia — an cruthaitheoir uilechumhachtach, Dia a thugann fuascailt agus aire dá dhaoine agus a dhéanann Cúnant leo; tuigtear go bhfuil nádúr morálta agus spioradálta ag daoine, a fhaigheann sástacht i nDia etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**AONAD A DÓ**

**NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ DHÁ CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA**

**Freagair a) agus b).**

**B a)** ● **SOISCÉALAÍ – (Matha nó Marcas nó Lúcás nó Eoin)**
● **JOSEPHUS** ● **PLINIAS ÓG** ● **NAOMH PÓL** ● **TACITUS**
**Déan comparáid idir an tábhacht a bhaineann le scríbhinní beirt díobh seo thuas mar fhoinsí d'fhianaise stairiúil gur mhair Íosa Nazórach. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar fhoinsí d'fhianaise ar Íosa Nazórach trí chosúlacht agus/nó difríocht a aithint go cruinn idir tábhacht scríbhinní beirte atá liostaithe sa cheist mar fhoinsí stairiúla ag cruthú go raibh Íosa Nazórach ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Josephus — Staraí Giúdach a ghlac le réaltacht stairiúil Íosa agus leis an tionchar a bhí ag Íosa ar na daoine ar bhuail sé leo; cosúil le scríbhinní Naomh Pól sa mhéid is gur scríobh sé faoin traidisiún béil a tháinig chun cinn uathu siúd a raibh aithne phearsanta acu ar Íosa, etc.
- Tacatas — Staraí Rómhánach a deir go bhfuair Críostaithe a n-ainm ó Chríost ar chuir an prócadóir Pointias Píoláit chun báis é; cosúil le Plinias Óg arbh leagáid impiriúil Rómhánach é agus scríobhann sé faoi Íosa mar fhear a cuireadh chun báis mar gheall gur chuir sé isteach ar Impireacht na Róimhe, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**B b)** **Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint ar leith ar Íosa a leagann beirt údar i leabhair faoin gCríosteolaíocht béim uirthi do Chríostaithe an lae inniu.**
**40M** (20Mx2)

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith go bhfuil eolas ar threochtaí sa Chríostaíocht inniu trí eolas cruinn a leagan amach ar na tuiscintí ar leith ar Íosa a leagann beirt údar i leabhair faoin gCríosteolaíocht béim uirthi do Chríostaithe an lae inniu maidir leis an gcineál duine a bhí i gCríost.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Elizabeth Johnson — béim ar chomhionannas inscne ina leabhar 'Waves of Renewal in Christianity' ina gcuirtear i láthair an tuairim gur féidir le Críostaithe foghlaim ó Íosa sa mhéid is nár chloígh sé le patrarcacht a aimsire féin; chaith Íosa go cothrom le mná, etc.
- Jurgen Moltmann — béim ina leabhar 'The Way of Jesus Christ' ar an trua thar cuimse a bhí ag Íosa d'fhulaingt na daonnachta; dóchas san Aiséirí ina dtairgtear féidearthachtaí i gcomhair athrú sa saol seo; todhchaí eascaiteolaíoch do dhaoine atá dothuigthe ag an duine, etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird*: Tugann iarrthóir eolas cruinn ar thuiscint ar leith den chineál duine a bhí in Íosa a leagann údair an lae inniu béim uirthi tagairt a dhéanamh do bheirt údar leabhar faoin gCríosteolaíocht – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA** **Freagair a) agus b).**

**Ca) Déan próifíliú ar bhunús agus impleachtaí an chaidrimh idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas agus bain úsáid as ceann amháin de na ceannteidil seo a leanas:**
**● TRAIDISIÚN CEILIÚRTHA ● POBAL NA gCREIDMHEACH 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an gCríostaíocht agus ar an nGiúdachas tríd an nasc idir an Chríostaíocht agus Giúdachas mar thraidisiún ceiliúrtha nó mar phobal na gcreidmheach a rianú go beacht.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Tá roinnt siombailí agus deasghnátha cosúla ag traidisiún ceiliúrtha na Críostaíochta agus ag traidisiún ceiliúrtha an Ghiúdachais e.g. tá an Eocairist Chríostaí fréamhaithe i gCáisc na nGiúdach toisc gurbh Ghiúdaigh Íosa agus a chuid deisceabal; ócáidí ceiliúrtha cuimhneacháin is ea an Eocairist Chríostaí agus Cáisc na nGiúdach araon le siombailí cosúil leis an arán agus an fíon etc.
- Tagann Pobal na gCreidmheach e.g. sa Chríostaíocht agus sa Ghiúdachas le chéile ar lá den tseachtain a bhíonn socraithe (lá na Sabóide) chun adhradh a dhéanamh; eascraíonn an traidisiún sin ó na Deich nAitheanta etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**C b) ◆ AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS**
**Scrúdaigh cuspóir agus príomhchineálacha an idirphlé idirchreidmhigh idir dhá cheann de na mór reiligiúin dhomhanda thuasluaite. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an idirphlé idirchreidmheach trí fhéachaint go grinn ar na príomhchineálacha agus ar an gcuspóir atá leis an idirphlé idirchreidmheach idir dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Bíonn idirphlé idirchreidmheach ar siúl idir daoine aonair agus pobail e.g. seirbhís urnaí; d'fhéadfadh gurb é an aidhm comhthuiscint agus ómós a mhéadú do thraidisiúin reiligiúnacha eile, chun dea-chaidrimh a chothú, etc.

- e.g. oibríonn Comhairle na gCríostaithe agus na nGiúdach — CCJ i réimsí oideachais, idirphlé agus gníomhaíochta sóisialta, etc.
- e.g. 'The Assisi Day for Peace' — Cruinníonn ceannairí reiligiúnacha ó gach cearn den domhan le haghaidh lá urnaí, etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird*: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH** **Freagair a) agus b).**

**D a)** ● **NA hEABHRAIGH** ● **NA GRÉAGAIGH** ● **NA RÓMHÁNAIGH**
**Tabhair breac-chuntas ar conas a bhí saincheist mhorálta ina cúis imní do bhaill dhá cheann de na seansibhialtachtaí thuas. 40M** (20Mx2)

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an moráltacht mar fheiniméan daonna ón gcianaimsir trí eolas cruinn a leagan amach ar an gcaoi ar chuir saincheist amháin nó níos mó faoi cheart agus an t-éigeart imní ar dhaoine in dhá cheann de na seansibhialtachtaí atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- NA hEABHRAIGH e.g. saoirse chun a saol a chaitheamh ag obair ar son seirbhísí Dé e.g. taithí Eacsadas etc.
- NA GRÉAGAIGH e.g. Sócraitéas a bhí tógtha le nithe a chruthaíonn saol maith etc.
- NA RÓMHÁNAIGH e.g. cogadh — luaigh Ciceаró in 'De Officiis' go bhfuil cogaí a mbítear ag gabháil dóibh gan aon chúis éagórach etc.

*Tabhair ar aird:* Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**D b)** **Déan próifíliú ar conas a chuirtear in iúl cothromaíocht idir luachanna pearsanta agus luachanna pobail in dhá chairt éagsúla a ndearna tú staidéar orthu.**
**40M** (20Mx2)

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar luachanna pearsanta agus pobail tríd an mbealach a bhfuil luachanna aonair agus pobail cothromaithe in dhá chonradh nó dhá chomhaontú dhifriúla a rinneadh idir daoine a rianú go cruinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- e.g. Na Deich nAitheanta – baineann na chéad trí aithne le luachanna pearsanta maidir leis an gcaidreamh idir na creidmhigh agus Dia; leagtar béim sna seacht n-aithne eile ar a thábhachtaí atá luachanna pobail etc.

- e.g. Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine na NA — tá freagracht ag gabháil le gach ceart pearsanta laistigh den chairt, cruthaíonn sé sin cothromaíocht idir luachanna pearsanta agus pobail etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird*: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

## AONAD A TRÍ

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE** **Freagair a) agus b).**

**E a)** ● **AN BHITHEOLAÍOCHT** ● **AN FHEALSÚNACHT** ● **AN tSÍCEOLAÍOCHT** ● **AN tSOCHEOLAÍOCHT**

**Pléigh an tionchar a bhí ag dhá cheann díobh seo thuas ar róil na bhfear agus na mban, róil atá ag athrú i sochaí an lae inniu. 40M** (20Mx2)

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar inscne sa tsochaí chomhaimseartha trí scrúdú a dhéanamh agus trí theacht ar chonclúidí cruinne faoin tionchar a bhí ag dhá cheann de na brainsí foghlama atá liostaithe sa cheist ar athruithe i seasamh na bhfear agus na mban i sochaí an lae inniu.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- AN BHITHEOLAÍOCHT — ina moltar deochraithe chun na difríochtaí idir fir agus mná a dhéanamh amach i.e. géinte agus crómasóim, feidhmeanna na hinchinne, orgánaigh ghnéis, etc., tugann siad sin le fios gur léir difríochtaí inscne an-ghairid i ndiaidh breith linbh agus roimh sóisialú etc.
- AN FHEALSÚNACHT — ina ndéantar machnamh ar cad is brí le bheith daonna; bíodh fear nó bean i gceist. San fhealsúnacht chomhaimseartha tá machnamh á dhéanamh ar ról an chomhionannais sa chaidreamh idir an dá inscne agus spreagtar fir agus mná róil chothroma a ghlacadh san ionad oibre agus sa bhaile etc.
- AN tSÍCEOLAÍOCHT — aimsíodh ceithre dhifríocht ar a laghad idir na hinscní i dtástáil i.e. briathartha; matamaiticiúil; cumais amhairc-spásúla; forrántacht agus tá na héagsúlachtaí laistigh de gach inscne níos mó ná na difríochtaí idir na hinscní; leag sé sin béim ar an gcaoi a bhfuil cumais bunaithe ar indibhidiúlacht seachas ar inscne etc.
- AN tSOCHEOLAÍOCHT — fuarthas amach i dtaighde go mbíonn tionchar ag comhthéacsanna sóisialta ar róil inscne; forbraítear smaointe maidir le hinscne ar bhonn sóisialta; tá dúshlán á thabhairt dá bhrí sin don tuairim thraidisiúnta maidir le róil inscne e.g. aithreacha a fhanann sa bhaile i mbun an tí, etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**E b)** ● **BUNAITHEOIRÍ ORD RIALTA** ● **SCRÍBHNEOIRÍ REILIGIÚNACHA**
● **LEASAITHEOIRÍ SÓISIALTA** ● **SMAOINTEOIRÍ SPIORADÁLTA**

**Roghnaigh beirt bhan as catagóirí éagsúla atá luaite thuas, agus déan comparáid idir conas a chuir a gcuid oibre le forbairt a dtraidisiún reiligiúnach. 40M**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar conas a chuir na mná le forbairt a dtraidisiún reiligiúnach trí chosúlacht agus/nó difríocht a aimsiú go cruinn idir an chaoi ar chuir obair beirt bhan, ó chatagóirí difriúla atá liostaithe sa cheist, forbairt a dtraidisiúin reiligiúnacha chun cinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *e.g.* spreagadh daoine eile mar gheall ar eitic oibre agus ar thiomantas Nano Nagle (bunaitheoir oird rialta) do phríomhphrionsabail chreidimh; chuir Ord na Toirbhearta oideachas Caitliceach ar fáil do na boicht, etc. Ar an gcaoi chéanna thug Edwina Gately (leasaitheoir sóisialta) aird ar an gcomhbhá a bhí aici do dhaoine eile agus d'fhorbair sí a traidisiún reiligiúnach trí mhaireachtáil de réir shaintréithe Ríocht Dé, bhunaigh Edwina 'Gluaiseacht Dheonach na Misean' a leanann ag seoladh oibrithe deonacha tuata ar Críostaithe iad chun cabhrú le daoine i ngátar ar fud na cruinne etc.
- e.g. chaith an Mháthair Treasa (leasaitheoir sóisialta) a saol ag déanamh mar a rinne Íosa, ag tabhairt aire do na heasláin agus do dhaoine atá imeallaithe sa tsochaí, bhunaigh sí Misinéirí Carthanachta agus leanann siad den obair a rinne sí inniu san India agus in áiteanna eile; ar an gcaoi chéanna chaith Dorothy Day (scríbhneoir reiligiúnach) a saol i ndlúthchomhar leis na boicht, bhí teachtaireacht Íosa mar bhun agus barr aici ina saol agus ina cuid oibre; chabhraigh Dorothy chun an nuachtán 'The Catholic Worker' a bhunú agus tá sé fós á fhoilsiú agus tionchar aige ar ghluaiseacht diagachta na saoirse leis an gCríostaíocht etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**ROINN F SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA Freagair a) agus b).**

**F a)**
- **CONAIR NA nOCHT RIAN DEN BHÚDACHAS**
- **AN FHÍS GHIÚD-CHRÍOSTAÍ DEN CHÓIR**
- **CEITHRE VARNA AN HIONDÚCHAIS**
- **ZAKAT AN IOSLAMACHAIS**

**Mínigh conas a d'fhéadfadh na creidiúintí reiligiúnacha a chuirtear in iúl in dhá cheann díobh seo thuas tionchar a imirt ar chreidmhigh le hoibriú ar son na córa sa lá atá inniu ann. 40M** (20Mx2)

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar dhearcadh ar chóir agus ar shíocháin trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag an gcreidimh in dhá cheann de na dearcthaí atá liostaithe sa cheist ar chreidmhigh chun gníomhú ar son na córa sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- CONAIR NA nOCHT RIAN DEN BHÚDACHAS – ina dtugtar teagasc maidir leis an ngníomh ceart etc., spreagann sé cáilíochtaí dearfacha a chleachtadh cosúil le cineáltas agus ceartas, rudaí a d'fhéadfadh cuidiú chun dul i ngleic le cúiseanna na héagóra i saol na linne seo, etc.
- AN FHÍS GHIÚD-CHRÍOSTAÍ DEN CHÓIR – léiríonn scrioptúir na nEabhrach agus na Críostaíochta Dia a bhaineann le daonnacht agus atrua, trócaire agus cineáltas; d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar chreidmhigh déanamh amhlaidh lena luachanna reiligiúnacha agus caitheamh go hómósach le daoine eile agus a bheith sásta maithiúnas a thabhairt díreach mar a léirigh Dia i stair an tSlánaithe etc.
- CEITHRE VARNA AN HIONDÚCHAIS – ina mbíonn oibleagáid ar gach duine prionsabail eiticiúla an Hiondúchais a leanúint ina saol féin de réir fhreagrachtaí agus dhualgais a seasaimh (nó a n-aicme) sa tsochaí etc., d'fhéadfadh sé sin duine a spreagadh oibriú ar son an cheartais shóisialta etc.

- ZAKAT AN IOSLAMACHAIS – ceathrú colún an Ioslamachais, déanamh déirce arna iarraidh ag Dia ar mhaithe le comhionannas agus ceartas; spreagtar smaoineamh ar dhaoine eile agus feasacht maidir leo sin nach bhfuil chomh maith as etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**F b) Déan próifíliú ar conas a léirítear i dteoiric 'an Chogaidh Chóir' go dtuigtear gur rud olc éan cogadh agus go ndéantar iarracht é seo a chothromú le prionsabal na féinchosanta. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar dhearcadh reiligiúnach ar fhoréigean trí rianú cruinn a dhéanamh ar an gcaoi a léirítear i dteoiric 'an Chogaidh Chóir' go dtuigtear gur rud olc é an cogadh agus go ndéantar iarracht é seo a chothromú le prionsabal na féinchosanta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Teoiric 'an Chogaidh Chóir' arna sainmhíniú ag Agaistín — tá gach cogadh peacúil ach uaireanta is é an cogadh rogha an dá dhíogha; ní tharlaíonn cogadh ach amháin chun rud éigin níos measa a sheachaint agus an ceartas a fháil ar ais; bíonn gá le cogadh uaireanta mar bhealach chun daoine soineanta a chosaint agus chun cearta sáraithe a chosaint etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**ROINN G ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTH Freagair a) agus b).**

**G a) Tabhair breac-chuntas ar na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir an machnamh Críostaí agus an machnamh Búdaíoch agus bain úsáid as gach ceann de na ceannteidil seo a leanas:**

**i. Bunús an mhachnaimh mar chineál urnaí. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar mhachnamh Búdaíoch agus Críostaí trí eolas cruinn a leagan amach ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir bunús an mhachnaimh mar chineál urnaí sna traidisiúin Bhúdaíocha agus Chríostaí.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Téann an machnamh Críostaí siar go dtí an luath-thréimhse Mhainistreach, tá fréamhacha stairiúla freisin ag an machnamh Búdaíoch atáthar in ann a rianú go dtí scéal an bhunaithe agus saol Siddhartha Gautama etc.
- Tháinig an machnamh Críostaí ar an bhfód mar bhealach chun cuidiú le duine comhcheangal a dhéanamh le Críost, ach sa Bhúdachas téann bunús an mhachnaimh siar go dtí eagnaíocht Bhúda etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**ii. Teicnící machnaimh a úsáidtear san adhradh. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar mhachnamh Búdaíoch agus Críostaí trí eolas cruinn a leagan amach ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na teicnící machnaimh a úsáidtear san adhradh sna traidisiúin Bhúdaíocha agus Chríostaí.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Baineann Búdaithe agus Críostaithe araon úsáid as teicnící aireachais e.g. úsáideann an dá dhream mantraí, ach sa Bhúdachas, áfach, deir creidmhigh an mantra 'Om' arís agus arís eile agus, sa Chríostaíocht, baineann daoine úsáid as sleachta ón mBíobla etc.
- Baineann machnamh Búdaíoch leis an rud nach bhfuil mar chuid den tóraíocht sin a bhaint as an gcoinsias etc. agus baineann machnamh Críostaí le teagmháil le Dia etc.
- Sa mhachnamh Búdaíoch tá 'aireachas ceart' agus 'díriú ceart' riachtanach; ar an gcaoi chéanna sa Chríostaíocht ní mór an seachrán go léir a fhágáil ar lár, ní mór do dhuine díriú go socair ar urnaí etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**G b) Scrúdaigh an ról a bhíonn ag an deasghnáth agus an tsiombail sa tslí ina ndéantar 'sacraimint' a cheiliúradh in dhá shainchreideamh Chríostaí. 40M.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar shacraimint in dhá thraidisiún Chríostaí trí fhéachaint go grinn ar an ról a bhíonn ag deasghnáth agus an tsiombail sa tslí ina ndéantar 'sacraimint' a cheiliúradh in dhá shainchreideamh Chríostaí.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- e.g. i bPobal Anglacánach — san Eocairist déantar aithris ar fhocail agus ar ghníomhartha Íosa mar fhreagra ar an ordú a thug Íosa ag an Suipéar Deireanach 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa' etc.
- e.g. i Sacraimint an Bhaiste — tugadh léiriú ar an nglacadh isteach i gcreideamh na Críostaíochta le húsáid rudaí agus gníomhartha siombalacha e.g. an duine a bheannú le huisce, ola a chur ar an duine, éadaí geala a úsáid, coinneal a lasadh, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS DIAGA** **Freagair a) agus b).**

**H a)**
- **AN CLAOCHLÚ (Marcas 9:2-13)**
- **AN tSEANMÓIR AR AN TALAMH RÉIDH (Lúcás 6:20-49)**
- **AN PHRÓLÓG (Eoin 1:1-18)**

**Cuir dhá cheann de na téacsanna thuasluaite ón Tiomna Nua i gcomparáid lena chéile agus bain úsáid as gach ceann de na ceannteidil seo a leanas:**

**i. An seánra/cineál liteartha. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar théacsanna bíobalta trí chuntas cruinn a thabhairt ar chosúlacht agus/nó difríocht idir an seánra/cineál liteartha in dhá cheann de théacsanna an Tiomna Nua atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- AN PHRÓLÓG AGUS AN CLAOCHLÚ: An Phrólóg — réamhrá a ghabhann le Soiscéal Naomh Eoin agus achoimre ar a chreideamh in Íosa Críost; ar an gcaoi chéanna an Claochlú — tugann siombalachas an scéil seo deimhniú neimhe ar fhéiniúlacht Íosa etc.
- AN PHRÓLÓG AGUS AN tSEANMÓIR AR AN TALAMH RÉIDH: An Phrólóg — iomann atá lán le teanga shiombalach ach sa tSeanmóir ar an Talamh Réidh is seanmóir é a osclaíonn leis na Biáide agus a dhúnann le fáthscéalta gearra etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**ii. An bunchúlra/bunchomhthéacs. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar théacsanna bíobalta trí chuntas cruinn a thabhairt ar chosúlacht agus/nó difríocht idir bunchúlra/bunchomhthéacs dhá cheann de théacsanna an Tiomna Nua atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- AN PHRÓLÓG AGUS AN CLAOCHLÚ — Gabhann na téacsanna a leagann béim ar an easpa tuisceana atá ag na deisceabail ar cé hé Íosa roimh scéal an Chlaochlaithe; tá sé sin éagsúil ón bPrólóg ar dian-mhachnamh trom é ar Íosa Críost mar dhuine a bhí ag leagan béime ar a mhisean etc.
- AN tSEANMÓIR AR AN TALAMH RÉIDH AGUS AN CLAOCHLÚ — Cuirtear an tSeanmóir ar an Talamh Réidh ag tús mhinistreacht Íosa, tá sé dírithe ar na deisceabail agus cuirtear i láthair na sluaite é

a bhí tagtha lena n-easláin go dtí Íosa chun leigheas a fháil; tugann an Claochlú deimhniú neimhe dúinn ar cé hé Íosa i ndáiríre agus iarrann ar na deisceabail aird a thabhairt ar a bhriathra etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5    4 > 2    1 > 0 | 20M |

**H b)  Déan próifíliú ar an ról a bhíonn ag an gcritic atheagair sa staidéar ar na Soiscéil Shionoptacha.  40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcaoi ar scríobhadh an Bíobla an chéad lá riamh trí rianú cruinn a dhéanamh ar an ról a bhí ag an eagarthóir nó ag an atheagraí agus mar a chuireann sé sin leis an staidéar ar na Soiscéil Shionoptacha.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Trí leas a bhaint as scileanna eagarthóireachta, roghnúcháin, cuimsithe agus easnaimh leag na scríbhneoirí sionoptacha béim ar an tuiscint a bhí acu féin ar Íosa trí úsáid a bhaint as patrún, seicheamh, athruithe agus béim, etc.
- e.g. toisc gur scríobhadh Soiscéal Mhaitiú le haghaidh iompaithigh Ghiúdaicha cuirtear béim ann ar chomhlíonadh ionchais na nGiúdach de Chríost etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10    9 > 4    3 > 0 | 40 |

**Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge**

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

Tábla I Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

Religious Education – Higher & Ordinary Level Iomlán: 320 Gnathráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais | | Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|---|---|---|
| 241 – 243 | 23 | | 281 - 283 | 11 |
| 244 – 246 | 22 | | 284 - 286 | 10 |
| 247 – 250 | 21 | | 287 - 290 | 9 |
| 251 – 253 | 20 | | 291 - 293 | 8 |
| 254 – 256 | 19 | | 294 - 296 | 7 |
| 257 – 260 | 18 | | 297 - 300 | 6 |
| 261 – 263 | 17 | | 301 - 303 | 5 |
| 264 – 266 | 16 | | 304 - 306 | 4 |
| 267 – 270 | 15 | | 307 - 310 | 3 |
| 271 – 273 | 14 | | 311 - 313 | 2 |
| 274 – 276 | 13 | | 314 - 316 | 1 |
| 277 – 280 | 12 | | 317 - 320 | 0 |

**Maidir lena bhfuil á mheas sna Critéir Mharcála Ardleibhéil do gach ceist —**

| TUAIRISCÍN NA CEISTE | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG | AN-LAG | GAN AON GHRÁD |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **FIANAISE SA FHREAGRA AR AIDHMEANNA / CHUSPÓIRÍ / THORTHAÍ AN TSIOLLABAIS:** | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE AN-MHAITH | FIANAISE MHAITH | FIANAISE LEORDHÓTHANACH | FIANAISE NEAMHLEOR | BEAGÁN FIANAISE | FÍORBHEAGÁN FIANAISE/GAN AON FHIANAISE |
| **BAINT AN FHREAGRA LEIS AN GCEIST** | BAINT IOMLÁN AGUS SHOILÉIR | BAINT SHOILÉIR | ÁBHARTHA GHINEARÁLTA | BAINT THEORANTA | BEAGÁN BAINTE | FÍORBHEAGÁN BAINTE | GAN AON BHAINT |
| **CRUINNEAS** | GAN AON MHÓR-EARRÁID(Í) | FÍORBHEAGÁN FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | BEAGÁN FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | ROINNT MÓR-EARRÁIDÍ | ROINNT MHAITH MÓR-EARRÁIDÍ | ROINNT AN-MHAITH MÓR-EARRÁIDÍ | MÓR-EARRÁIDÍ SUBSTAINTIÚLA |
| **FIANAISE AR GHABHÁIL DON SCIL (DO NA SCILEANNA)** | ÚSÁID SHÁRMHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID AN-MHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID MHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID ÉIGIN AS SCIL(EANNA) | BEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) | FÍORBHEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) | GAN AON ÚSÁID AS SCIL(EANNA) |

*Teidil Dualgais don Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach, an Ardteistiméireacht, 2017— S 88/15*

Tugtar rogha de dhá theideal i Roinn I agus i Roinn J faoi seach thíos. Ba chóir do na hiarrthóirí an obair chúrsa acu a bhunú ar theideal amháin as Roinn I nó ar theideal amháin as Roinn J.

***ROINN I: AN REILIGIÚN: EISPÉIREAS NA hÉIREANN***

**I. 1 Próifíl a dhéanamh de na bealaí ar imir ciall don talamh a bheith beannaithe ról sa chleachtas reiligiúnach réamh-Chríostaí in Éirinn agus sa chleachtas reiligiúnach Giúdach in aimsir Íosa.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar an gcaidreamh idir reiligiún, spioradáltacht agus an talamh trí rianú cruinn a dhéanamh ar bhealach amháin nó níos mó ar féidir ciall don talamh mar rud beannaithe a fheiceáil sa chleachtas reiligiúnach réamh-Chríostaí in Éirinn agus bealach amháin nó níos mó ar féidir é a fheiceáil i gcleachtas reiligiúnach Giúdach in aimsir Chríost.

**I. 2 Comparáid a dhéanamh idir raon na gcreideamh reiligiúnach difriúil in Éirinn sa lá atá inniu ann ar an leibhéal náisiúnta agus an patrún reatha sa chreideamh reiligiúnach i dtír Eorpach eile..**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa sármhaith tuiscint ar phatrúin chreidimh trí chur síos cruinn a dhéanamh ar chosúlacht agus/nó difríocht idir na creidimh éagsúla in Éirinn agus patrúin chreidimh i dtír eile san Eoraip sa lá atá inniu ann.

***ROINN J: AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT***

**J.1 Próifíl a dhéanamh de pheirspictíocht an diagaire agus de pheirspictíocht an eolaí maidir leis na dúshláin a chuireann ceisteanna timpeallachta sa lá atá inniu ann.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa sármhaith tuiscint ar an gcaidreamh idir reiligiún agus an eolaíocht trí rianú cruinn a dhéanamh ar thuairimí diagaire agus eolaí maidir leis na dúshláin a chuireann ceann nó níos mó de na ceisteanna comhshaoil os ár gcomhair sa lá atá inniu ann.

**J.2 Fiosrúchán a dhéanamh faoin tionchar a bhí ag fionnachtain amháin ar bith de chuid Galileo faoin gcruinne ar an ngaol idir an reiligiún agus an eolaíocht.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa sármhaith tuiscint ar an gcaidreamh idir eolaíocht agus diagacht trí fhéachaint go grinn ar cheann d'fhionnachtana Galileo faoin gcruinne agus trí theacht ar chonclúidí cruinne faoin tionchar atá aige sin ar an ngaol idir an reiligiún agus an eolaíocht.

**Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach - Ardleibhéal**

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó imní.
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, tuiscint, scileanna agus dearcaí na ndaltaí, dé réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na rannóige atá ainmnithe don obair chúrsa.
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, anailís agus mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe.
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt.

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair an chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe. (Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí – CNCM leathanach 142)

Ní mór do na hiarrthóirí obair chúrsa a chur isteach ar aon teideal amháin. Tá na teidil chéanna ag gabháil leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú. Más mian le hiarrthóirí an obair chúrsa a léiriú, is féidir é sin a dhéanamh sa spás bán ag bun gach leathanaigh. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh, áfach, ábhar a cheangal nó a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

***Maidir lena bhfuil á mheas in Obair Chúrsa Ardleibhéil: Cuid A – Achoimre ar an Iniúchadh ar Theideal Roghnaithe 2017***

| | TUAIRISCEOIR CHUID A: | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | FIANAISE AR ***CHRITÉIR MHARCÁLA DO THEIDIL 2017*** *(eolas; tuiscint; scileanna; DEARCTHAÍ MAR A BHAINEANN SIAD LEIS AN SIOLLABAS)* **CÓD MC** | FIANAISE CHRUINN SHUBSTAINTIÚIL IOMLÁN | FIANAISE CHRUINN SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE CHRUINN | FIANAISE IMLEOR THEORANTA | FIANAISE BHOCHT / GAN FIANAISE |
| | | **40 > 34** | **33 > 28** | **27 > 22** | **21 > 16** | **15 > 0** |
| ***Pointí a Thugtar Cuid A*** | **FOINSÍ EOLAIS AR THEIDEAL 2017. CÓD SI** | EOLAS SUBSTAINTIÚIL | EOLAS MAITH | EOLAS GINEARÁLTA ÉIGIN | EOLAS IMLEOR TEORANTA | BEAGÁN EOLAIS / GAN EOLAS |
| | EOLAS AR NA **BEARTA A RINNEADH AGUS AR NA SCILEANNA A ÚSÁIDEADH AR THEIDEAL 2017** (*Taighde; anailís; measúnú; smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; machnamh*) **CÓD SS** | EOLAS SUBSTAINTIÚIL MIONSONRAITHE | EOLAS GINEARÁLTA SOILÉIR | EOLAS GINEARÁLTA ÉIGIN | EOLAS IMLEOR TEORANTA | BEAGÁN EOLAIS / GAN EOLAS |
| | **ACHOIMRE AR THORTHAÍ AR THEIDEAL 2017** *(An cumas chun – eolas a roghnú, agus anailís agus measúnú a dhéanamh air nó eolas a shórtáil agus eagar a chur air nó tuairimí a chur i láthair go gonta agus go héifeachtach.)* **CÓD SF** | SAOTHAR AN-FHIÚNTACH. | SAOTHAR FIÚNTACH | SAOTHAR BREÁ | SAOTHAR IMLEOR | SAOTHAR BEAGBHRÍOCH / NEAMHÁBHARTHA. |
| | | ACHOIMRE IOMLÁN AGUS ÁBHARTHA | ACHOIMRE MHIONSONRAITHE | ACHOIMRE GHINEARÁLTA | ACHOIMRE THEORANTA IMLEOR | ACHOIMRE BHOCHT / GAN ACHOIMRE |
| | FIANAISE TACAÍOCHTA LE HAGHAIDH NA GCONCLÚIDÍ A DTAGTAR ORTHU. | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL TACAÍOCHTA LE HAGHAIDH CONCLÚIDÍ | FIANAISE AN-MHAITH TACAÍOCHTA LE HAGHAIDH CONCLÚIDÍ | ROINNT TACAÍOCHTA GINEARÁLTA FIANAISE LE HAGHAIDH CONCLÚIDÍ | FIANAISE THEORANTA TACAÍOCHTA IMLEOR LE HAGHAIDH CONCLÚIDÍ | BEAGÁN / GAN FIANAISE TACAÍOCHTA LE HAGHAIDH CONCLÚIDÍ |
| | GABHÁIL PHEARSANTA LE TEIDEAL 2017. | GABHÁIL PHEARSANTA SHUBSTAINTIÚIL | GABHÁIL PHEARSANTA SHOILÉIR | GABHÁIL PHEARSANTA GHINEARÁLTA ÉIGIN | GABHÁIL PHEARSANTA THEORANTA IMLEOR | GABHÁIL PHEARSANTA NEAMHLEOR / GAN GABHÁIL PHEARSANTA |

***Maidir lena bhfuil á mheas in Obair Chúrsa Ardleibhéil: Cuid B – Machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim, ar na scileanna agus ar an eispéireas a fuarthas trí obair chúrsa a dhéanamh ar Theideal Roghnaithe 2017***

| TUAIRISCEOIR CHUID B: | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | GO MAITH | RÉASÚNTA | LAG |
|---|---|---|---|---|---|
| FIANAISE AR **CHRITÉIR MHARCÁLA DO THEIDIL 2017** (*eolas; tuiscint; scileanna; dearcthaí mar a bhaineann siad leis an siollabas*) **CÓD MC** | FIANAISE CHRUINN SHUBSTAINTIÚIL IOMLÁN | FIANAISE CHRUINN SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE CHRUINN | FIANAISE IMLEOR THEORANTA | FIANAISE BHOCHT / GAN FIANAISE |
| | **40 > 34** | **33 > 28** | **27 > 22** | **21 > 16** | **15 > 0** |
| ***Ceisteanna a Chuirtear i gCuid B.*** Úsáid **scileanna** ar Theideal 2017 (*Taighde; anailís; measúnú; smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; machnamh, breithiúnas*) Cód S | ÚSAID SHUBSTAINTIÚIL SCILEANNA | ÚSÁID AN-SOILÉIR SCILEANNA | ÚSÁID SHOILÉIR SCILEANNA | BEAGÁN ÚSÁIDE AS SCILEANNA | ÚSÁID NEAMHLEOR / GAN AON ÚSÁID AS SCILEANNA |
| Cén fáth a raibh **spéis** agam i dteideal 2017? (*díograis / imní*) **Cód I** | SAOTHAR AN-FHIÚNTACH MÍNIÚCHÁN SUBSTAINTIÚIL SPÉIS PHEARSANTA AN-SOILÉIR | SAOTHAR FIÚNTACH MÍNIÚCHÁN MIONSONRAITHE SPÉIS PHEARSANTA SHOILÉIR | SAOTHAR BREÁ MÍNIÚ GINEARÁLTA MAR AON LE SPÉIS PHEARSANTA ÉIGIN | PÍOSA IMLEOR SAOTHAIR MÍNIÚCHÁN IMLEOR SPÉIS PHEARSANTA IMLEOR | SAOTHAR BEAGBHRÍOCH / NEAMHÁBHARTHA BEAGÁN ÁBHARTHACHTA / GAN AON ÁBHARTHACHT BEAGÁN / GAN AON SPÉIS PHEARSANTA |
| Cé na **peirspictíochtaí difriúla** ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa á déanamh ar theideal roghnaithe 2017?(*An cumas tuairimí/cur chuige difriúla i leith topaice a léirmhíniú, a chur i gcomparáid agus a mheas; an cumas frithargóintí a fhorbairt*) **Cód P** | SAINAITHINT SHUBSTAINTIÚIL AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT SHOILÉIR AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT GHINEARÁLTA ÉIGIN AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT IMLEOR AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | BEAGÁN SAINAITHEANTA / GAN AON SAINAITHINT AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ |
| Cé na **ceisteanna** a tháinig chun cinn trí obair chúrsa á déanamh ar theideal 2017? (*An cumas údarás foinsí difriúla eolais a cheistiú agus an cumas idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus tuairim).* **Cód Q** | SAINAITHINT SHUBSTAINTIÚIL CEISTEANNA | SAINAITHINT SHOILÉIR CEISTEANNA | SAINAITHINT GHINEARÁLTA ÉIGIN CEISTEANNA | SAINAITHINT IMLEOR CEISTEANNA | BEAGÁN SAINAITHEANTA CEISTEANNA / GAN AON SAINAITHINT CEISTEANNA |
| Cé na **léargais phearsanta** a fuarthas trí obair chúrsa a dhéanamh ar theideal roghnaithe 2017? (*an cumas athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus an tionchar a bhíonn ag an bhfoghlaim sin ar thuairimí, ar dhearcthaí agus ar eispéireas an duine)* **Cód PI** | CUR SÍOS MIONSONRAITHE MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA SHUBSTAINTIÚIL | CUR SÍOS GINEARÁLTA MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA SHOILÉIR | CUR SÍOS GINEARÁLTA MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA ÉIGIN | CUR SÍOS GINEARÁLTA MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA IMLEOR | BEAGÁN CUR SÍOS/ GAN AON CHUR SÍOS GABHÁIL PHEARSANTA NEAMHLEOR |
| Céard é an rud **ba luachmhaire** a bhain leis an obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal seo? **Cód V** | MEASÚNÚ SUBSTAINTIÚIL LENA MBAINEANN LUACH | MEASÚNÚ AN-MHAITH LENA MBAINEANN LUACH | MEASÚNÚ GINEARÁLTA LENA MBAINEANN LUACH | MEASÚNÚ LENA MBAINEANN LUACH | BEAGÁN MEASÚNÚ / GAN MEASÚNÚ LENA MBAINEANN LUACH |